Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 10 Márta 2026**
**(OR. en)**

**5136/26**

**LIMITE**

**CORLX 12**
**CFSP/PESC 19**
**RELEX 11**
**CYBER 6**
**JAI 23**
**FIN 10**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) ) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit[1], agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 129I, 17.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/796/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/796.

(2) Mar chuid den ghníomhaíocht leanúnach, oiriúnaithe agus chomhordaithe ón Aontas i gcoinne gníomhaithe a bhíonn i mbun cibearbhagairtí ar bhonn leanúnach, ba cheart beirt daoine nádúrtha agus trí eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796. Tá na daoine nádúrtha agus na heintitis sin freagrach as cibirionsaithe a rinne mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit, nó tá siad páirteach iontu.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 mar seo a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '18. | CHEN Cheng | 陈诚<br>(Litriú Sínise)<br>Ar a dtugtar freisin:<br>Jesse Chen<br>lengmo<br>l3n6m0<br>Dáta breithe:20.10.1984<br>Áit bhreithe: Yancheng, Jiangsu, an tSín<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Is fear gnó Síneach, comhbhunaitheoir agus duine de bhainisteoirí ginearálta (Príomhoifigeach Oibriúcháin) Anxun Information Technology Co. Ltd é Chen Cheng. Is ionadaí dlíthiúil é freisin do bhrainse na cuideachta sin in Sichuan.<br>Is cuideachta atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne é Anxun Information Technology Co. Ltd., ar a dtugtar i-Soon freisin, a thairgeann seirbhísí 'haiceáil ar fruiliú'. Tá spriocdhíriú déanta ag Anxun Information Technology Co. Ltd. ar bhonneagar criticiúil agus feidhmeanna criticiúla Stáit na mBallstát agus rinne sí faisnéis rúnaicmithe a rochtain agus a dhíol. Ina theannta sin, tá ionsaí déanta ag Anxun Information Technology Co. Ltd.ar rialtais tríú Stáit éagsúla, ar bagairt iad, dá bhrí sin, ar chuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) go (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach.<br>Baineann Anxun Information Technology Co. Ltd. tairbhe eacnamaíoch thábhachtach as na seirbhísí a sholáthraítear. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tá Anxun Information Technology Co. Ltd. freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas agus ar a Bhallstáit agus ionsaithe ar thríú Stáit.<br>Sa ról sin, tá Chen Cheng freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit chomh maith le cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stáit agus bíonn sé rannpháirteach sna cibirionsaithe sin. | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | WU Haibo | 吴海波<br>(Litriú Sínise)<br>Ar a dtugtar freisin:<br>shutdown<br>shutd0wn<br>Áit bhreithe: an tSín<br>Náisiúntacht: Síneach<br>Inscne: fireann | Is fear gnó Síneach, comhbhunaitheoir agus duine de bhainisteoirí ginearálta (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) Anxun Information Technology Co. Ltd é Wu Haibo. Tá sé ina ionadaí dlíthiúil, ina chathaoirleach agus ina bhainisteoir ginearálta ar bhrainse Shang-hai (‘an mháthairchuideachta’) de Anxun Information Technology Co. Ltd. Thairis sin, tá sé ag gníomhú mar an t-ionadaí dlíthiúil ar son bhrainse Sichuan den chuideachta sin.<br>Is cuideachta atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne é Anxun Information Technology Co. Ltd., ar a dtugtar i-Soon freisin, a thairgeann seirbhísí ‘haiceáil ar fruiliú’. Tá spriocdhíriú déanta ag Anxun Information Technology Co. Ltd ar bhonneagar criticiúil agus feidhmeanna criticiúla Stáit na mBallstát agus rinne sí faisnéis rúnaicmithe a rochtain agus a dhíol. Ina theannta sin, tá ionsaí déanta ag Anxun Information Technology Co. Ltd. ar rialtais tríú stáit éagsúla, ar bagairt iad, dá bhrí sin, ar chuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) go (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach.<br>Baineann Anxun Information Technology Co. Ltd. tairbhe eacnamaíoch thábhachtach as na seirbhísí a sholáthraítear. | [+]’; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tá Anxun Information Technology Co. Ltd. freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar bagairt sheachtrach iad ar Bhallstáit an Aontais agus ionsaithe ar thríú Stáit.<br><br>Bhí Wu Haibo páirteach i stiúradh agus spreagadh iarrachtaí ar chibirionsaithe ag a raibh éifeacht shuntasach i gcoinne na mBallstát.<br><br>Sa ról sin, tá sé freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit chomh maith le cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stáit agus bíonn sé rannpháirteach sna cibirionsaithe sin. | |

PUBLIC

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '5. | Integrity Technology Group | 永信至诚科技集团股份有限公司<br>(Litriú Sínise)<br>Ar a dtugtar freisin:<br>Beijing Integrity Technology Company Limited, Yongxin Zhicheng Technology Group Company Limited<br>Seoladh: Fenghao East Road, Room 103, Building 6, No. 9, Beijing Haidian District, an tSín | Is fiontar cibearshlándála é Integrity Technology Group, atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne, a d'éascaigh cibirionsaithe a bhaineann le Advanced Persistent Threat (APT) Flax Typhoon. D'úsáid Advanced Persistent Threat (APT) Flax Typhoon táirgí agus teicneolaíocht de chuid Integrity Technology Group chun a ghníomhaíochtaí dúshaothraithe líonra ríomhaireachta a chur in úsáid. Ó shin i leith, baineadh úsáid as táirgí de chuid Integrity Technology Group chun gléasanna de chuid Idirlíon na Rudaí Nithiúla a chur i mbaol agus chun rochtain a fháil orthu sna Ballstáit, agus i dtíortha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. Idir 2022 agus 2023, fuair Flax Typhoon rochtain ar 65 600 gléas de chuid Idirlíon na Rudaí Nithiúla, ar a laghad, i sé Bhallstát trí úsáid a bhaint as táirgí de chuid Integrity Technology Group.<br>Dá bhrí sin, úsáideadh táirgí agus bonneagar tráchtála Integrity Technology Group go rialta i gcibirionsaithe ar na Ballstáit agus tríú Stáit. Dá bhrí sin, trí thionchar a imirt ar chórais faisnéise a bhaineann leis an mbonneagar digiteach, tá Integrity Technology Group ag cur tacaíocht theicniúil agus ábhartha ar fáil do chibirionsaithe a dhéanann mórdhíobháil agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit agus ar thríú stáit. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Láthair an chláraithe: Béising, an tSín<br>Dáta clárúcháin: 2.9.2010<br>Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe: 91110108562135265P | | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 6. | Emmenet Pasargad | Ainmneacha dá ngairtear freisin:<br><br>Anzu Team, Holy Souls, Aria Sepehr Ayandehsazan, Haywire Kitten<br><br>Láthair an chláraithe: Tehran, an Iaráin<br><br>Uimhir Chlárúcháin: 554267<br><br>Príomhionad gnó: Tehran, an Iaráin | Is cibirghníomhaí Iaránach (cuideachta) é Emennet Pasargad a dhírigh ar go leor eintiteas, go háirithe, sna Ballstáit agus sna Stáit Aontaithe.<br><br>Dhírigh Emennet Pasargard, agus é ag oibriú faoin ainm 'Anzu Team', ar bhonneagar digiteach sa tSualainn agus chuir sé seirbhís SMS na Sualainne i mbaol, rud ag a raibh mórthionchar ar líon mór daoine. Ina theannta sin, trí ghníomhú faoin ainm eile 'Holy Souls', chuir an t-eintiteas sin bunachar sonraí síntiúsóirí na hirise aoraí Francaí Charlie Hebdo i mbaol agus d'fhógair sé go raibh an bunachar le díol ar an ngréasán dorcha. Fuair Emennet Pasargad rochtain neamhcheadaithe ar chláir fógraí fógraíochta le linn Chluichí Oilimpeacha Pháras agus thaispeáin sé feachtais bhréagaisnéise orthu. Rinne Emennet Pasargard iarracht freisin cur isteach ar thoghcháin uachtaránachta na Stát Aontaithe in 2020, rud a chuir an daonlathas agus an smacht reachta i mbaol, trí fhaisnéis rúnda a fháil ó vótálaithe na Stát Aontaithe agus trí rochtain neamhúdaraithe a fháil ar líonra ríomhaireachta cuideachta meán de chuid na Stát Aontaithe.<br><br>Dá bhrí sin, tá Emennet Pasargard freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit chomh maith le cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stát agus bíonn sé rannpháirteach sna cibirionsaithe sin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Anxun Information Technology Co. Ltd | 安洵信息技术有限公司<br><br>(Litriú Sínise)<br><br>Ar a dtugtar freisin: i-Soon<br><br>Seoladh: Room 1002, Qiangqiang Building, No. 1318 Qixin Road, Minhang District, Shanghai<br><br>Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe: 91510105332025597A (brainse Sichuan)<br><br>Cód Creidmheasa Sóisialta Aontaithe: 91310116561906136G (brainse Shang-hai) | Is cuideachta atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne é Anxun Information Technology Co. Ltd. a thairgeann seirbhísí 'haiceáil ar fruiliú'. Tá spriocdhíriú déanta ag an gcuideachta ar bhonneagar criticiúil agus feidhmeanna criticiúla Stáit na mBallstát agus rinne sí faisnéis rúnaicmithe a rochtain agus a dhíol. Ina theannta sin, tá ionsaí déanta ag Anxun Information Technology ar rialtais tríú stáit éagsúla, ar bagairt iad, dá bhrí sin, ar chuspóirí chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointí (a) go (c), den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Baineann Anxun Information Technology Co. Ltd tairbhe eacnamaíoch thábhachtach as na seirbhísí a sholáthraítear.<br><br>Dá bhrí sin, tá Anxun International Technology Co. Ltd. freagrach as cibirionsaithe nach beag a dtionchar agus ar bagairt sheachtrach iad ar na Ballstáit chomh maith le cibirionsaithe nach beag a dtionchar ar thríú Stát agus bíonn sé rannpháirteach sna cibirionsaithe sin. | [+]'. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Suíomh gréasáin: i-soon.net, isoon.net, i-soon.com.cn, isoonren.com, isoon.win<br>Uimhreacha teileafóin: +862161119992, +8605645893417, +8613761671735, +864000665915<br>Rphost: shutdown@163.com, isoon2015@126.com, tao_tingting@i-soon.net, li_ping@i-soon.net | | |

PUBLIC